



Do Chaitéar Fuail

Cad é caitéar fuail?

Feadán is ea caitéar fuail a chuirtear isteach i do lamhnán. Cuirtear an caitéar isteach chun cead a thabhairt don fhual sileadh as do lamhnán isteach i mála. Tá a lán cúiseanna éagsúla ann le go bhfeadfadh gá a bheith agat le caitéar.

Amanna déantar é nuair nach mbíonn tú in ann do chuid fuail a dhéanamh ar chúis éigin. ('Coinneáil' a thugtar air sin). Cúis eile a d'fheadfadh a bheith leis go bhfuil an fual ag sileadh amach an t-am ar fad ('neamhchoinneálacht' a thugtar air sin). Amanna, cuirtear caitéar isteach ar feadh tamaill bhig chun sruth an fhuail a bhainistiú le linn máinliachta. I gcásanna áirithe, is féidir é a chur isteach le linn duit a bheith an-tinn chun an méid fuail atá tú a dhéanamh a thomhas. Mura bhfuil tú cinnte cén fáth a bhfuil caitéar agat, cuir ceist ar d'altra nó ar do dhochtúir. Beidh siad breá sásta labhairt leat faoi.

An féidir liom ionfhabhtú a fháil as caitéar fuail?

Nuair a bhíonn caitéar fuail agat bíonn taobh amháin d'fheadán istigh i do lamhnán agus an taobh eile ag sileadh amach as do chorp agus ag dul isteach i mála. Fad a bhíonn an feadán i bhfearas, bíonn baol ann go mbeidh baictéir (frídí) in ann taisteal ar an bhfeadán agus go rachaidh siad isteach i do lamhnán. Má chaitear an caitéar a fhágáil istigh ar feadh cúpla seachtaine nó níos faide, is ionann agus cinnte go rachaidh baictéir isteach i do lamhnán. Má fhanann na baictéir istigh i do lamhnán, is minic nach ndéanfaidh siad aon dochar. Ó am go chéile, b'fhéidir go mbeadh míchompord nó pian in íochtar do bhoilg. Amanna, is féidir leat athlasadh nó ionfhabhtú a fháil gar don áit a bhfuil an feadán ag teacht amach. Is féidir leis sin míchompord nó pian a chur ort agus d'fheadfadh brach nó fuil a bheith ann.

Is é an riosca ionfhabhtaithe is mó a bhaineann le caitéar fuail go scaipfeadh na frídí atá ag fás sa lamhnán suas sna duáin agus isteach san fhuil. Is féidir leis sin tú a dhéanamh an-tinn, d'fheadfadh crithfhuacht a theacht ort, teocht a bheith agat agus aireachtáil an-lag. Má tharlaíonn sé sin, abair le d'altra nó le do dhochtúir é ar an toirt.

An féidir libh mé a chosaint ó ionfhabhtú ón gcaitéar fuail?

Fiú le cúram den scoth bíonn baol ionfhabhtaithe ann i gcónaí le caitéar fuail. Bíonn an baol níos mó do dhaoine a mbíonn an caitéar acu ar feadh i bhfad agus do dhaoine atá an-soghonta d'ionfhabhtú.



Is é an rud is tábhachtaí chun baol ionfhabhtaithe a laghdú ná nach bhfaigheadh daoine cataitéar fuail mura bhfuil géarghá acu leis. Ba cheart an cataitéar a thógáil amach a luaithe nach mbeidh gá leis a thuilleadh. Má tá cataitéar fuail agat, ní miste ceist a chur faoin bhfad a mbeidh gá agat leis. Tá daoine ann nach bhfuil in ann déanamh d'uireasa cataitéir fhuail ar tamaill fhada (seachtainí nó míonna). Má bhíonn géarghá ag duine le cataitéar agus nach bhfuil aon bhealach eile ann chun a riocht a bhainistiú, ansin ní féidir an baol go dtarlóidh droch-ionfhabhtú a sheachaint go hiomlán.

Laghdaítear an baol ionfhabhtaithe ó chataitéar má ghlantar go cúramach an oscailt a dtéann an cataitéar isteach ann agus an craiceann mórthimpeall air sula gcuirtear isteach an cataitéar. Tá níos mó de sheans ann nach dtarlóidh ionfhabhtú má dhéanann an dochtúir nó an t-altra atá ag cur isteach an chataitéir a lámha a ní go cúramach roimh ré. Tá sé ceart go leor a mheabhrú do dhaoine a lámha a ní nuair a bhíonn siad ag déanamh cúraim duit.

Freisin, laghdaítear an baol ionfhabhtaithe ó chataitéar má dhéanann gach duine a bhíonn i dteagmháil leis an gcataitéar a lámha a ghlanadh roimh ré. Arís eile, tá sé ceart go leor a mheabhrú do dhaoine a lámha a ní nuair a bhíonn siad ag déanamh cúraim duit.

An seachnóidh mé ionfhabhtú má thógaim antaibheathaigh fad a bheidh an cataitéar agam?

Má fhaigheann tú ionfhabhtú tromchúiseach sna duáin nó san fhuil, caithfidh tú cúrsa antaibheathach a fháil don ionfhabhtú sin. Ach sin ráite, ní rud maith é go hiondúil go bhfanfa ar antaibheathaigh. Má fhanann tú ar antaibheathaigh an t-am ar fad, is minic go bhfaighidh baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh na n-antaibheathach ceannas iomlán ar do lamhnán.

Má tharlaíonn sé sin, beidh sé níos deacra antaibheathach maith a fháil chun tú a chóireáil má fhaigheann tú ionfhabhtú sna duáin nó san fhuil. Lena chois sin, má fhanann ar antaibheathaigh ar feadh i bhfad, is minic go dtiocfaidh buinneach nó truis dá bharr agus is féidir seachthorthaí tromchúiseacha eile a bheith i gceist freisin. I bhformhór na n-othar a bhfuil cataitéar acu, is dócha gur mó dochair na maitheas a dhéanfaidh sé a bheith ag tógáil antaibheathach.

Ar cheart dom tástáil fuail a fháil féachaint an bhfuil ionfhabhtú agam?

Is iondúil nach bhfuil mbíonn aon tairbhe as tástáil fuail a dhéanamh mura bhfuil tú ag aireachtáil tinn agus go gceapann do dhochtúir go bhfuil ionfhabhtú agat sna duáin nó san fhuil. Má bhíonn cataitéar agat le fada, beidh an tástáil fuail dearfach formhór an ama. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil



ionfhabhtú agat – ní chiallaíonn sé ach go bhfuil baictéir i do lamhnán. Formhór an ama, is fearr gan cur isteach ar na frídíní mura bhfuil siad ag do dhéanamh tinn ag an am.

Bí san airdeall ar na comharthaí seo agus inis d'altraí nó do dhochtúir:

- má bhíonn tinneas nó pian i do bholg nó san áit a bhfuil an cataitéar ag teacht amach;
- má thagann crithfhuacht ort nó go n-airíonn tú an-tinn de thoirt.

Breis eolais

Ná bíodh drogall labhairt leis an bhfoireann cúram sláinte atá ag tabhairt aire duit má bhíonn aon cheist agat. Tá eolas faoi shláinteachas lámh, rialú ionfhabhtuithe agus bainistiú tarbhfrídí sa bhaile le fáil ar www.hse.ie/infectioncontrol nó ar www.hpsc.ie

Tá an t-eolas seo faofa le n-úsáid ag clár náisiúnta um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe an FSS.

Foilsithe: Eanáir 2019